Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 30-9-2023

A chairde,

Ar an gcéad dul sios, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as an bhflaithiúlacht a léiríodh maidir leis an síntiús deonach. Is rud deonach é seo agus níl brú ar éinne aon rud a íoc ach dá mba mhaith leat síntiús a dhéanamh ach níor éirigh leat go fóill, is féidir é a dhéanamh ar *Aladdin* do pháiste faoi *ePayments*.

Tá an chéad mhí thart anois agus tá na páistí socraithe isteach go maith. Iarraim oraibh aire ar leith a thabhairt do na gnásanna maidir le páirceáil agus le trácht. Is ar mhaith na bpáistí agus na ndaoine sa phobal scoile iad seo agus iarrtar ort na gnásanna páirceála le gach duine a bhíonn ag teacht ar scoil le/do do pháiste a chur ar an eolas faoi.

First off, I would like to express our sincere gratitude to you all for your generous response to our Voluntary Contribution. This is entirely voluntary and there really is no pressure on anybody to pay anything but if you would like to make a donation, and haven't gotten around to it yet, you can do so on your child's Aladdin under ePayments.

The first month is now over and the children have settled in wonderfully. I ask that you pay particular attention to some of the procedures below around parking and traffic. These are all for the benefit of the children and people in the school community you are asked to share the parking procedures with anybody who comes to the school for or with your child.

Le déanamh | *To do*

- Foirm Cheada Dhigiteach don Pholasaí um Fhrithbhulaíocht le líonadh do gach páiste sa scoile – í le fáil faoi *Permissions* in *Aladdin* do pháiste.
  Digital Permission Form for the Anti-Bullying Policy to be completed for every child in the school – available under Permissions in your child's Aladdin.

- Má tá aon athrú ó thaobh chúrsaí leighis de, iarrtar ort labhairt linn láithreach.
  If there are any changes regarding medication, we ask that you speak to us immediately.

- Tá cosc iomlán sa scoil ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu. Bígí an-chúramach le rudaí sna boscaí lóin le bhur dtoil.
  Nuts and products containing nuts are completely banned in the school. Please be extremely careful with what goes into lunch boxes.

- Má bhí timpiste ag do pháiste i rith an tsamhraidh, fiacla san áireamh, tá seans ann go gclúdófar árachas na scoile é, bí ag caint liom.
  If your child had an accident during the summer, dental included, it may be covered by school insurance, come and talk to me.

- **Bosca lóin Slaintiúil –** níl cead seacláid agus tá cosc iomlán ar chnónna. Gráin rósta go breá.
  Healthy Lunch Box – no chocolate and total ban on nuts. Popcorn is fine

- Is de bharr cúiseanna maithe nach bhfuil cead cuirí breithlae a thabhairt amach ar scoil. Iarrtar ort **gan** é a dhéanamh.
  *There are really good reason why we don't allow birthday invitations to be given out at school. You are asked **not** to do so.*

- Is cuma faoin aimsir – Ná páirceáil sa chiorcal – Ná stop san ascaill nó sa bhosca buí – Fág spás os do chomhair do dhaoine atá ag páirceáil – Úsáid spás páirceála amháin – Bain úsáid as an gCúil Mhín/as Páirc na Mílaoise/as an nGaráiste – Bí cúramach – Bí ciallmhar
  Regardless of the weather – Do not park in the circle – Do not stop in the avenue or the yellow box – Leave space in front of you for people parking – Use only one parking space – Use the Millenium Park/Coolmine/The Garage – Be careful – Be Sensible

Oíche Oscailte | *Open Night*

Beidh Oíche Oscailte againn ar an 25 Deireadh Fómhair idir 19:00 agus 20:30. Is deis í seo do theaghlaigh, atá ag smaoineamh ar chur isteach ar áit i Scoil Oilibhéir dá bpáistí don bhliain seo chugainn, teacht isteach chun an áit a fheiceáil, bualadh le cuid den fhoireann agus taithí a fháil ar an bpobal scoile agus ar an gcultúr atá againn anseo. Roinnigí a t-eolas seo le bhur gcairde agus le bhur gcomharsana le bhur dtoil.

We will have our Open Night on 25 October between 19:00 and 20:30. This is an opportunity for families, who are considering applying for a place in Scoil Oilibhéir for their children for next year, to come in to see the place, meet some of the staff and experience the school community and culture we have here. Please share this information with friends and neighbours.

Féinmheastóireacht Scoile | *School Self-Evaluation*

Mar chuid den Fhéinmheastóireacht Scoile, táimid chun féachaint ar chúrsaí folláine agus beimid ag díriú ar thimpeallacht scoile dhearfach, idir fhisiciúil agus mhothúchánach. Bainfidh an próiseas seo le gach cuid den phobal scoile, idir pháistí, bhaill na foirne agus thuismitheoirí/chaomhnóirí. Chun tús a chur leis an bpróiseas seo, ba mhaith linn tuairimí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi ghnéithe den timpeallacht scoile a fháil.

Cuirfear ceistineoir amach sar i bhfad agus beidh sé i bhfoirm *Google Form*. Ba mhór againn é dá dtógfadh sibhse, na tuismitheoirí/caomhnóirí an t-am é a líonadh. Ní thógfaidh sé ach cúpla nóiméad. Tugtar faoi deara go mbainfidh sé seo le *do chuid tuairimí*, ní tuairimí na bpáistí. Déanfar tuairimí na bpáistí a fhiosrú ar bhealaí eile amach le linn an phróisis.

Tá pictiúr ginearálta á lorg againn. Ag brath ar thorthaí an cheistineora seo, beidh deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí tuairimí níos sonraithe a nochtadh má fheictear go bhfuil gá maidir le gné ar leith de thimpeallacht na scoile.

Tagraíonn imeachtaí eischuraclamacha do na himeachtaí sin atá eagraithe ag an scoil – turasanna, spóirt, Íóga, Tráth na gCeist, MarathonKids - ní chuimsíonn sé seo rudaí a tharlaíonn tar éis scoile atá eagraithe ag daoine/comhlachtaí seachtracha (ceol le Colette, snámh tar éis scoile, Réaltaí Órga mar shamplaí).

Táimid an-sásta agus bródúil go bhfuil scoil fháiltiúil, shábháilte, shona againn ach táimid ag súil leis freisin go mbeimid in ann tógáil ar an timpeallacht álainn dhearfach san áit le gur féidir linn í a chaomhnú agus a láidriú má fheictear dúinn go bhfuil deiseanna feabhsúcháin.

As part of our School Self-Evaluation, we are going to look at well-being and we will be focusing on a positive school environment, both physical and emotional. This process will involve every part of the school community, children, staff and parents/guardians. To begin the process, we would like to get the opinion of parents/guardians about aspects of the school environment.

A questionnaire will go out shortly and it will be a Google Form. We would really appreciate if you took the time to complete it. It will only take a few minutes. Please note that this concerns your opinions *and not those of your child. The children's views will be explored in other ways during the process.*

We are looking for a general picture. Depending on the result of this survey, parents/guardians will have an opportunity to share more detailed opinions if it looks to be necessary around any single aspect of the school environment.

Extra-curricular activities refers to the activities organised by the school – trips, sports, yoga, Table Quizzes, MarathonKids etc. – it does not include things that happen after school organised by an external person or company (Music with Colette, afterschool swimming, Réaltaí Órga for example)

We are very happy and proud that we have a welcoming, safe and happy school but we hope to be able to build on the wonderful positive atmosphere to preserve and strengthen that environment if we see there are opportunities for improvement.

Cumann na mBunscol | *Dates for the Diary*

Tá na buachaillí imithe ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile den pheil agus táimid ag fanacht ar thorthaí ó na cluichí eile chun an chéad socrú eile a fháil. Tá cluiche grúpa amháin eile ag na cailíní agus tá na sonraí thíos.

The boys are through to the next round of the football and we are waiting on results form other games to get our next fixture. The girls have one group game left and the details are below

3 Deireadh Fómhair | *Oct 3*	Gaelscoil Cholmchille	*Somerton* 13:30

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Línte sa chlós ar maidin | *Lines in the yard in the morning*

Táimid an-sásta go bhfuil na n páistí is óige sa scoil tar éis socrú isteach go sona sásta. Tá Fáilte Uí Cheallaigh i gcónaí roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí sa chlós agus is breá linn an caidreamh sin a bheith ag an scoil le teaghlaigh. Ba mhór againn é áfach dá seasfadh tuismitheoirí/caomhnóirí seasamh siar amach ón líne le gur féidir leis na múinteoirí na línte a shiúl isteach gan stró. Ba mhaith linn spás le ligean do na línte isteach beagáinín níos néata ar maidin agus chabhródh sé leis na páistí an líne a fheiceáil níos soiléire freisin mura bhfuil daoine fásta gar dóibh. Míle buíochas.

We are very happy that our youngest children have settled in to school so happily. Parents/Guardians are always welcome in the yard and we really value the school having that connection to families. We would really appreciate however if parents/guardians could stand back away from the line so that teachers can walk the line in with ease. We'd like to have space for the lines to walk in a little more smoothly in the morning and it will also help the children to see their line more clearly if there aren't grown-ups nearby. Many thanks.

An Bord Bainistíochta | *Board of Management*

Tá tréimhse an Bhoird Bhainistíochta ag teacht chun deiridh ar ball agus tá ainmnithe na dtuismitheoirí ag teastáil don chéad tréimhse eile. 'Sé an Bord Bainistíochta atá freagrach don phátrún as an scoil agus déanann an Bord cinntí maidir le bainistíocht na scoile. Buaileann an Bord le chéile uair sa mhí ar a laghad de ghnáth agus níos minicí más gá. Déantar obair an Bhoird go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus bítear ag iarraidh plé le háisíneachtaí seachtracha trí mheán na Gaeilge. Labhair le hAntóin san oifig má tá suim agat san obair seo nó má shíleann tú go bhfuil aithne agat ar dhuine a bheadh go maith. Is máthair amháin agus athair amháin dalta reatha a bhíonn i gceist. Beidh toghchán an mhí seo chugainn.

The term of the current Board of Management is coming to an end soon and we are looking for nominations from the parent body for the next term. The Board of Management is responsible to the Patron for the management of the school and decisions are made by the Board regarding the management of the school. The Board meets once a month usually and sometimes more often if necessary. The work of the Board is done entirely through the medium of Irish and we try to interact with all external agencies through the medium of Irish. Speak to Antóin if you are interested in this work or if you think you know someone who may be suitable. A mother and a father of a current pupil are needed and will have an election next month.

Earraí Scoile | *School Supplies*

Tá sé seo fós le híoc ag cúpla teaghlach agus iarrtar ort é a íoc chomh luath agus is féidir leat. Más gá plean íocaíochta a oibriú amach liom, is féidir linn teacht ar réiteach discréideach. Tar i dteagmháil liom faoi rún más gá. Íocann sé as na rudaí seo thíos i measc go leor rudaí eile. Is féidir é a íoc faoi *ePayments* in *Aladdin* do pháiste

Páiste amháin €60 | *One Child €60*
Beirt pháistí €120 | *Two children €120*
Triúr Páistí €150 | *Three children €150*
Ceathrar Páistí €180 | *Four children €180*

- Árachas 24 Uair - *24-hour Insurance*
- *Aladdin*
- Ábhair Ealaíne - *Arts Materials*
- Trealamh Spóirt - *Sports Equipment*
- Imeachtaí Breise - *Extra Activities*
- Fótachóipeáil - *Photocopying*

This has yet to be paid by a small number of families, please pay as soon as you can. If you need to work out a payment plan with me, we can come to a discreet arrangement. Please contact me confidentially if you need to. This pays for the items above among other things. This can be paid in your child's Aladdin under ePayments.

Tuáille Láimhe | *Hand Towels*

Déan cinnte le do thoil go bhfuil tuáille láimhe ag do pháiste chun na lámha a thriomú tar éis iad a ní. GRMA
Please ensure your child has their own small hand towel to dry their hands after washing them. Thank you.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | *Parent-Teacher Meetings*

Tarlóidh na cruinnithe seo ar an 22/23 Mí na Samhna. Beidh tú in ann cruinniú idir 14:45 agus 17:45 do cheann de na laethanta sin a chur in áirithint do gach páiste. Déanfar é seo tríd an gcóras *Aladdin* agus tabharfar réamhfhógra daoibh sula n-osclaítear an córas.

The Parent-teacher Meetings will happen on 22/23 November. You will be able to book a meeting between 14:45 and 17:45 for one of these days for each child. This will be done through the Aladdin system and you will get prior notice before the system opens.

Tráth na gCeist Bliantúil | *Annual Table Quiz*

Beidh Tráth an gCeist á eagrú ag Cumann na dTuismitheoirí ar 26 Deireadh Fómhair ar 20:00 sa *Bell.* Is oíche den scoth í seo, beidh duaiseanna, craic agus deis aithne a chur ar phobal na scoile (sibhse!). Beidh an Cumann an-sásta cloisteáil uait más féidir leat cabhrú le duaiseanna, le hobair na hoíche nó le rud ar bith eile. Beidh ticéad don chrannchur ar fáil i gclós na scoile gach maidin is tráthnóna ón tseachtain sin. An costas d'fhoireann ceathrair ná €40 agus beidh tú in ann íoc as foireann tríd an gcóras Aladdin, díreach ó bhaill an Chumainn nó fiú ar an oíche féin. Is cinnte go mbeidh oíche den scoth agat.

We will have our Annual Table Quiz organised by the Parents' Association on 26 October at 20:00 in The Bell. This is a great evening, there'll be prizes, fun and an opportunity to get to know the school community (you!). The Cumann *is always happy to hear from people about help with prizes, work on the night or anything else. There will be raffle tickets on sale in the yard every morning and afternoon that week. The cost is €40 for a team of 4 and you will be able to pay for a team through the Aladdin system, directly from Parents' Association members or even on the night itself. A great night is guaranteed!*

Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Beidh Díolachán Cácaí ar an Aoine 6 Deireadh Fómhair sa halla ar 13:30 -14:30 agus tá fáilte roimh chách, go háirithe roimh na teaghlaigh nua más féidir leo a bheith linn. Ba mhór ag Cumann na dTuismitheoirí dá ndéanfadh daoine rud éigin deas a bhácáil/dheonadh ach **tá cosc iomlán ar chnónna.** Glacfar le síntiús beag don Chumann ar an lá

We will have a coffee morning on Friday 6 October in the hall at 13:30 – 14:30 and everyone is welcome, especially new families if they can join us. The Parents' Association would really appreciate if you could bake/donate something nice but there is ***a total ban on nuts****. Small donations to the Parents' Association will be accepted on the day.*

Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

3-10-23	Cluiche peile na gcailíní | *Girls' Football game*	13:30 Somerton
6-10-23	Díolachán Cácaí Chumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association Cake Sale*	Halla 13:30 -14:30
13-10-23	Aifreann Oilibhéir | *St. Oliver's Mass*	11:30 sa halla
17-10-23	Teanndáileog MMR na Naíonán Beag | *Junior Infant MMR Booster*	
17-10-23	Vaicsín Srónach an fhliú na Naíonán Mór | *Senior Infants Nasal Flu Vaccine*	
25-10-23	Oíche Oscailte do Theaghlaigh Ionchasacha | *Open Night for Prospective Families*	19:00 – 20:30
26-10-23	Tráth na gCeist Chumann na dTuistí | *Parent's Association Table Quiz*	Bell 20:00
22/23-11-23	Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | *Parent-Teacher Meetings*	14:45-17:45 ar an dá lá
26-11-23	Aonach na Nollag | *Christmas Fair*	13:00 - 17:00
15-12-23	Seó Nollag na nÓg: Naíonáin Bheaga – R2 | *Christmas Show: Junior Infants - 2nd Class*	Le socrú | *TBC*
22-3-24	Cóineartú | *Confirmation*	11:00
25-5-24	Comaoineach | *Communion*	11:00

Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta

Tá sé i gceist ag Cumann na dTuismitheoirí ranganna Gaeilge do dhaoine fásta a eagrú. Bheadh 10 seachtainí i gceist agus iad ag tosú ar an 2 Deireadh Fómhair. Bheadh na ranganna ar siúl ar an Luan ar 20:00 – 21:30 le cupán tae sa lár.

Bheadh costas €60 ar na 10 seachtainí, clúdóidh sé seo acmhainní agus rachaidh aon fhuílleach go dtí Cumann na dTuismitheoirí. Beidh na ranganna dírithe ar dhaoine fásta le Gaeilge bhunúsach ón scoil. Más suim leat na ranganna seo a dhéanamh, déan teagmháil le cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com – Ní bheidh ach 20 spás ar fáil.

Clúdófar;

- Beannachtaí agus sláin, comhrá simplí
- Labhairt leis an Múinteoir (Aladdin san áireamh, r-phoist, grúpaí Whatsapp
- Cabhrú le hobair bhaile
- Fuaimhniú agus Foghraíocht
- Moladh – do pháiste a mholadh agus An Ghaeilge a úsáid mar theanga grá
- Gaeilge i do shaol laethúil
- Ócáidí Móra - cártaí, gifeanna agus dea-ghuí
- Uimhreacha, dathanna, bia, rudaí sa mhála scoile
- Gaeilge sa bhaile
- Gearrscannáin
- PopUp Gaeltacht, Conradh na Gaeilge, Foclach agus a thuilleadh..
- Léamh le chéile: Motherfoclóir le Darach Ó Séaghdha

Irish Classes for Adults

Cumann na dTuismitheoirí intend on organising Irish classes for adults. It would be 10 weeks starting on 2 October. The classes would run on Monday night 20:00 – 21:30 with a tea break in the middle. The cost would be €60 for the 10 weeks and this would cover the cost of resources with any remainder going to the Parents' Association. The classes would be aimed at adults with very basic school Irish. If you are interested, please contact cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com. Spaces will be limited to 20 people.

To be covered:

- *Greetings and partings, having simple chats*
- *Talking to the teacher (including Aladdin, emails and WhatsApp groups)*
- *Helping with homework*
- *Pronounciation and phonetics*
- *Moladh - praising your child, using Irish as a love language*
- *Using Irish in your daily life*
- *Big occasions- cards, gifs and good wishes*
- *Numbers, colours, food and schoolbag items*
- *Irish in and of the home*
- *Short films*
- *PopUp Gaeltacht, Conradh na Gaeilge, Foclach and more...*
- *Readalong: Motherfocloir by Darach Ó Séaghdha*

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach
Oíche Oscailte
SCOIL OILIBHÉIR
An Chéadaoin 25 Deireadh Fómhair
19:00 - 20:30
Fáilte roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí agus roimh pháistí ionchasacha
Bunscoil lán-Ghaeilge sa Chúil Mhín, Bunaithe 1975
www.gaelscoiloilibheir.ie
runai@gaelscoiloilibheir.ie
01-8215277
@ScoilOilibheir

Nurturing and enriching every child through the medium of Irish, to achieve their full potential
Open Night
SCOIL OILIBHÉIR
Wednesday 25 October
19:00 - 20:30
Prospective parents/guardians and pupils welcome
Irish medium primary school in Coolmine
Founded 1975
www.gaelscoiloilibheir.ie
runai@gaelscoiloilibheir.ie
01-8215277
@ScoilOilibheir

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Gaeilge

Conversational Irish Classes

For progressive speakers

10 Week Course

Improve your ability to speak the language through the art of everyday conversation in a relaxed and entertaining atmosphere

Classes will resume in Corduff Resource Centre starting;

Thursday morning September 21st 2023

***From*; 9-30 am to 11pm.**

Contact 8202490.. Monica mob; 087/9304535

mshannon@empower.ie

Saor in Aisce …*Cost Free* — Tae /Caife €2.00

Failte roimh chách /All welcome;